



BEARTAS CÁNACH GINEARÁLTA

Is ag na Ballstáit atá an chumhacht cáin a ghearradh agus níl ach inniúlachtaí teoranta AE ag an Aontas Eorpach sa réimse sin. Ós rud é go bhfuil beartas cánach AE dírithe ar fheidhmiú réidh an mhargaidh aonair, tugadh aghaidh ar chomhchuibhiú an chánachais indíriugh roimh an gcánachas díreach. Ní fada an comhrac in aghaidh imghabháil chánach agus seachaint chánach dhíobhálach ina thosaíocht bheartais. Ní foláir do na Ballstáit na bearta cánach a ghlacadh d'aon toil. Tá sé de cheart ag Parlaimint na hEorpa go rachfaí i gcomhairle léi maidir le hábhair chánach, seachas maidir le hábhair bhuiséadacha, ar comhreachtóir í lena n-aghaidh.

AN BUNÚS DLÍ

Caibidil na bhforálacha cánach (Airteagail 110-113) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a bhaineann le comhchuibhiú na reachtaíochta maidir le cánacha láimhdeachais, dleachtanna máil agus cineálacha eile cánachais indíriugh; an chaibidil faoi chomhfhogasú dlíthe (Airteagail 114-118 CFAE), a bhaineann le cánacha a mbíonn tionchar indíreach acu ar bhunú an mhargaidh inmheánaigh, i dteannta forálacha fíoscacha nach dtagann faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh; forálacha eile atá ábhartha don bheartas cánach, a bhaineann le saorghluaiseacht daoine, seirbhísí agus caipitil (Airteagail 45-66 CFAE), an comhshaol (Airteagail 191-192 CFAE) agus iomaíocht (Airteagal 107-192 CFAE);

Is féidir comhar feabhsaithe (Airteagail 326-334 CFAE) a chur i bhfeidhm i ndáil le hábhair chánach. An phríomhghné d'fhorálacha cánach AE maidir le glacadh gníomhartha is ea gur d'aon toil a dhéanann an Chomhairle cinneadh faoi thogra ón gCoimisiún, tar éis dul i gcomhairle leis an bParlaimint. Samplaí d'fhorálacha a glacadh sa réimse cánach is ea treoracha lena ndéantar forálacha náisiúnta a chomhfhogasú, agus cinntí ón gComhairle. Agus é den tuairim láidir go bhfuil sé deacair an leibhéal comhordaithe cánach atá ag teastáil ón Eoraip a fháil de bharr go ndéantar gach cinneadh maidir le cánachas d'aon toil, thíolaic an Coimisiún tograí chun dul i dtreo [vótáil trí thromlach cáilithe](#) i réimsí áirithe cánach. Níor ghlac na Ballstáit leis na moltaí sin, áfach.

Cumhdaíonn cánachas díreach an cháin a ghearrtar ar ioncam, ar rachmas agus ar chaipiteal, ar leibhéal pearsanta nó corparáideach. Ní chumhdaítear cáin ioncaim phearsanta (CIP) i bhforálacha AE mar atá (ina ionad sin, tá gníomhaíocht AE sa réimse sin bunaithe ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh). Tá gníomhaíocht AE maidir le cáin ioncaim chorparáide (CIC) níos forbartha, cé nach ndíríonn sí ach ar bhearta a bhaineann le prionsabail an mhargaidh aonair. Is é is cánachas indíreach ann



ná cánacha nach ngearrtar ar ioncam ná ar mhaoin. Cumhdaíonn sé cáin bhreisluacha (CBL), dleachtanna máil, tobhaigh allmhairiúcháin, cáin ar fhuinneamh agus cánacha comhshaoil eile. Ós rud é go bhfuil an fhorbairt ar fhorálacha cánach AE dírithe ar fheidhmiú réidh an mhargaidh aonair, tugadh aghaidh ar chomhchuibhiú an chánachais indíreach ag céim níos luaithe agus ar bhealach níos doimhne ná an cánachas díreach.

CUSPÓIRÍ

Mínítear straitéis AE maidir le beartas cánach sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal '[Beartas cánach san Aontas Eorpach – Tosaíochtaí do na blianta amach romhainn](#)'. Is faoi na Ballstáit atá sé i gcónaí cánacha a thabhairt isteach, fáil réidh leo nó athruithe a dhéanamh orthu. Ar choinníoll go gcomhlíonann sé rialacha AE, tá an tsaoirse ag gach Ballstát an córas cánach is fearr a oireann dó a roghnú. Faoin gcreat sin, is iad na príomhthosaíochtaí do bheartas cánach AE ná deireadh a chur le constaicí cánach sa ghníomhaíocht eacnamaíoch trasteorann, an comhrac in aghaidh iomaíocht chánach agus imghabháil chánach dhíobhálach agus níos mó comhair a chur chun cinn idir údarais chánach chun rialú a áirithiú agus calaois a chomhrac. Dá ndéanfaí comhordú níos mó ar bheartas cánach chinnteofaí go mbeadh beartais chánach na mBallstát ag teacht le cuspóirí beartais níos leithne AE, mar a leagadh amach i [straitéis Eoraip 2020](#) don fhás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach agus sa [Ghníomh um an Margadh Aonair](#).

TIONSCAIMH AGUS DUL CHUN CINN

Sa [tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil maidir le cánachas](#) ón gCoimisiún leagtar amach a bhfuil bainte amach ag AE agus na saincheistanna cánach atá fós le réiteach. I bhfianaise a bhfuil nochta ag na meáin faoi mhéid mhór na faidhbe, ba thosaíocht bheartais sa téarma parlaiminteach roimhe seo (2014-2019) an comhrac in aghaidh calaois chánach agus pleanáil ionsaitheach chánach. I réimsí eile, táthar ag obair i gcónaí ar athchóiriú a dhéanamh ar chreat na cánach corparáide chun an cánachas corparáideach in AE a dhéanamh níos córa agus chun é a chur in oiriúint do gheilleagar digiteach nua-aimseartha sa mhargadh inmheánach, agus is tosaíocht bheartais eile atá tagtha chun cinn ná córas cinntitheach CBL a leagan amach. I measc na bpríomhthionscnamh tá:

[Pacáiste Trédhearcachta Cánach](#) (18 Márta 2015), a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas a chur ar an trédhearcacht agus ar an gcomhar idir Ballstáit maidir lena gcuid rialuithe cánach trasteorann, tríd an Treoir maidir le Cáin ar Choigilteas a aisghairm chun an reachtaíocht maidir leis an malartú uathoibríoch faisnéise a chuíchóiriú, trí mheasúnú a dhéanamh ar thionscnaimh thrédhearcachta eile a d'fhéadfaí a bhunú, i gcomhar leis an tuairisciú de réir tíre do chuideachtaí ilnáisiúnta, trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód iompair maidir le cánachas gnó chun é a dhéanamh níos feidhmiúla agus níos éifeachtaí, tríd an mbearna chánach a thomhas ar bhealach níos fearr (nach í is cúis le seachaint chánach agus imghabháil chánach aisti féin), agus trí bheith ar thosach an tslua i ndáil le trédhearcacht chánach níos fearr a chur chun cinn fud fad an domhain.

[Plean Gníomhaíochta maidir le Cánachas Corparáideach](#) (17 Meitheamh 2015), ina leagtar amach sraith tionscnamh chun dul i ngleic le seachaint chánach, chun



ioncam inbhuanaithe a bhaint amach agus chun feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó sa mhargadh aonair. Déantar cur síos ar cheithre chuspóir treorach sa phlean gníomhaíochta: a) an nasc idir cánachas agus suíomh geografach na gníomhaíochta eacnamaíche a athbhunú; b) a áirithiú gur féidir leis na Ballstáit luach ceart a chur ar ghníomhaíocht chorparáideach ina gcuid dlínsí; c) timpeallacht cánachais chorparáidigh atá iomaíoch agus lena gothaítear an fás a chruthú in AE; d) an margaidh aonair a chosaint agus cur chuige láidir ó AE i leith saincheistanna seachtracha maidir le cánachas corparáideach a bhaint amach, lena n-áirítear bearta chun gníomhaíochtaí OECD [maidir le creimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis](#) (BEPS) a chur chun feidhme, chun déileáil le dlínsí cánach atá neamh-chomhoibríoch agus chun an trédhearcacht chánach a mhéadú. I mí Dheireadh Fómhair 2016, mhol an Coimisiún go seolfaí an [comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáide](#) (CCCTB) an athuir.

[Pacáiste i gcoinne Seachaint Cánach](#) (an 28 Eanáir 2016), ina bhfuil moltaí maidir le bearta nithiúla chun pleanáil ionsaitheach chánach a chosc, borradh a chur faoin trédhearcacht agus cothrom iomaíochta a chruthú do na gnólachtaí ar fad in AE. Tá trí cholún sa phacáiste: a) cánachas éifeachtach in AE a áirithiú (tríd an Treoir i gcoinne Seachaint Cánach agus an Moladh maidir le Conarthaí Cánach); b) an trédhearcacht chánach a mhéadú (athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le faisnéis a mhalartú go huathoibríoch); c) cothrom iomaíochta a bhaint amach (Teachtaireacht maidir le Straitéis Sheachtrach i dtaca le Cánachas Éifeachtach agus dúliosta de thearmainn chánach).

[Plean Gníomhaíochta maidir le CBL](#) (an 7 Aibreán 2016), ina bhfuil a) prionsabail i gcomhair córas Eorpach aonair CBL amach anseo; b) bearta chun dul i ngleic le calaois CBL; c) nuashonrú ar an gcreat chun rátaí CBL a shocrú; d) pleananna chun rialacha CBL don ríomhthráchtáil a shimpliú agus a nuachóiriú; e) pacáiste CBL d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

An [Pacáiste maidir leis an Margadh Aonair Digiteach, CBL](#) (an 1 Nollaig 2016), a bhfuil sé mar aidhm leis CBL a nuachóiriú don ríomhthráchtáil trasteorann. Tá sé mar chuspóir ag an bpacáiste laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le comhlíonadh CBL a thabhaíonn gnólachtaí nuair a bhíonn siad ag díol thar theorainneacha, trádáil trasteorann a éascú agus iomaíocht chóir a áirithiú do ghnólachtaí AE, calaois chánach a chomhrac, agus aghaidh a thabhairt ar chás sonrath na ríomhleabhar, nach dtugtar rátaí laghdaithe dóibh faoi láthair. Is é aidhm thábhachtach amháin de chuid an phacáiste nó na bpacáistí athbhreithnithe CBL ná deireadh a chur leis an 'gcalaois rothlach' mhíchlúiteach. Ba cheart go mbeadh rialacha nua CBL níos simplí agus níos comhleanúnaí, lena dtabharfaí isteach limistéar nua aonair cinntitheach CBL in AE. Go hachomair, tá an córas nua CBL ceaptha a bheith níos seasmhaí i gcoinne calaoise agus i gcomhréir le geilleagar digiteach agus móibleach an lae inniu.

Na tionscnaimh [maidir le Cánachas Cothrom an Gheilleagair Dhigitigh](#) (an 21 Márta 2018), a bhfuil sé mar aidhm leo córas cánachais cothrom agus éifeachtach a áirithiú atá oiriúnach don timpeallacht dhigiteach, úsáid a bhaint as tograí reachtacha chun leas iomlán a bhaint as an láithreach dhigiteach trí athrú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar 'bhuanbhunaíocht' agus sainmhíniú ar an 'tábhacht íosta eacnamaíoch' a



thabhairt isteach. Cuireann an togra ón gCoimisiún leis an obair idirnáisiúnta sa réimse sin, go háirithe an obair atá déanta ag G20 agus OECD i gcomhthéacs Thionscadal CBAB. Le linn aitheasc Staid an Aontais 2017, d'fhógair an tUachtarán Juncker an togra ón gCoimisiún 'lenar bunaíodh rialacha ar leibhéal an Aontais lena bhféadfaí cáin a ghearradh ar bhrabúis arna nginiúint ag cuideachtaí ilnáisiúnta tríd an ngeilleagar digiteach', agus, i mí na Nollag 2017, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le cánachas ar an ngeilleagar digiteach.

Amhail ón 1 Eanáir 2018, tháinig rialacha nua i bhfeidhm lena gcuirtear oibleagáid ar na Ballstáit rochtain a thabhairt d'údaráis chánach ar shonraí a bhailítear faoin reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid. Tá sé mar aidhm leis na treoracha maidir le frithsciúradh airgid — [AMLD4](#) agus [AMLD5](#) — cosc a chur ar úsáid an chórais Eorpaigh airgeadais chun críocha sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta. Beidh rochtain dhíreach ag na húdaráis náisiúnta chánach ar fhaisnéis faoi úinéirí tairbhiúla cuideachtaí, iontaobhas agus eintiteas eile, agus ar thaifid cuideachtaí maidir le dícheall cuí don chustaiméir. Mar gheall ar na rialacha nua, beidh údaráis chánach in ann freagairt go mear agus go héifeachtúil do chásanna imghabhála agus seachanta cánach, agus na cineálacha struchtúr ar tarraingíodh aird orthu i [bPáipéir Pharthais](#) a chomhrac.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ar an mórgóir, tá Parlaimint na hEorpa i bhfách le heithne chláir sin an Choimisiúin maidir le cánachas, agus ba thosaíocht bheartais sa téarma parlaiminteach roimhe seo é an comhrac in aghaidh calaois chánach, seachaint chánach agus sciúradh airgid. D'fhág an obair a rinne coistí éagsúla ad-hoc lorg ar mholtaí na Parlaiminte sa réimse sin.

Rinne an chéad cheann acu sin, eadhon an Coiste um Rialuithe Cánach agus Bearta Eile atá Comhchosúil ó thaobh Cineáil agus Éifeachta ([TAXE](#)), aird a tharraingt ar neamhréireacht shuntasach: go bhfuil, mar gheall ar shaoriomaíocht in ábhair chánach agus easpa comhair idir na Ballstáit, neamhréireachtaí ann idir na réimsí ina gcruthaítear luach agus na réimsí ina ngearrtar cáin ar bhrabúis, agus gurb é creimeadh an bhoinn chánach agus cailleanais ioncaim i dtíortha éagsúla, a bhfuil bearta déine ag luí go trom ar roinnt de na tíortha sin, a thoradh sin.

Sa chomhthéacs sin, rinne an Pharlaimint tuarascáil chríochnaitheach Choiste TAXE a ghlacadh [mar rún ar an 25 Samhain 2015](#), inar iarradh an méid seo a leanas: rialuithe agus faisnéis chánach a chomhroinnt go córasach agus é a chur de cheangal ar chuideachtaí ilnáisiúnta tuairisciú poiblí de réir tíre a dhéanamh i dtaca le brabúis a rinneadh, cánacha a íocadh agus fóirdheontais a fuarthas; deireadh a chur le córais fhabhracha agus neamhréireachtaí idir córais náisiúnta chánach; comhbhonn comhdhlúite éigeantach don cháin chorparáide (CCCTB) ar fud AE; creat le haghaidh státchabhair a bhaineann le cáin agus treoirlínte chun praghsáil aistrithe agus 'tábhacht eacnamaíoch' iomchuí a leagan síos; aisghabháil státchabhrach neamhdhleathaí; athchóiriú a dhéanamh ar an gcód iompair maidir le cánachas gnó; an comhrac in aghaidh seachaint chánach a chuimsiú i mbeartais eile agus san iompar gnó, lena n-



áirítear ag cuideachtaí ilnáisiúnta, ag bainc, ag soláthraithe seirbhísí airgeadais agus ag comhairleoirí cánach; cosaint níos fearr a bheith ann do sceithirí.

I bhfianaise ar nochtadh i [bPáipéir Pharthais](#) agus in [Lux Leaks](#), lenar léiríodh go soiléir gur ghá níos mó comhair agus trédhearcachta a bheith ann fud fad an domhain, b'fhorás ar obair Choiste TAXE obair sin Choiste [TAXE 2](#). Ghlac an Pharlaimint a thuarascáil chríochnaitheach [mar rún ar an 6 Iúil 2016](#), inar éilíodh go gcuirfí na smachtbhannaí a chuirtear ar dhlínsí cánach neamh-chomhoibríocha atá ar dhúliosta na dtearmann cánach ar chuideachtaí, ar bhainc, agus ar ghnólachtaí cuntasáíochta agus dlí freisin, agus go mbeadh an deis ann a gceadúnais ghnó a chúlghairm; Leagadh béim inti ar iarmhairtí diúltacha ticbhoscaí paitinní, ar cuideachtaí ilnáisiúnta is mó a úsáideann iad chun cáin a sheachaint; Athdhearbhaíodh inti freisin na tograí maidir le comhbhonn comhdhlúite don cháin chorparáide (CCCTB) agus le praghsáil aistriithe, ag a bhfuil ról tábhachtach i ndáil le haistriú brabúis. Ar deireadh, thángthas ar an tátal inti nach i gcoinaí a chomhlíontar na forálacha maidir le státchabhair agus éilíodh go ndéanfaí bearta chun é sin a chur ina cheart.

An obair a rinne an Coiste maidir le Sciúradh Airgid, le Seachaint Cánach agus le hImghabháil Cánach ([PANA](#)), b'fhorás í ar obair Choiste TAXE, ar obair Choiste TAXE 2, agus ar an rún ó Pharlaimint ó mhí na Nollag 2015 maidir le [trédhearcacht, comhordú agus coinbhéirseacht a bheith ann i mbeartais um cháin chorparáideach an Aontais](#), inar sainithníodh dúshláin rialála agus faireacháin i ndáil le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna cánach.

I moladh ón bParlaimint [an 13 Nollaig 2017](#) don Chomhairle agus don Choimisiún d'aithle an fhiosrúcháin ar sciúradh airgid agus ar sheachaint chánach, leagadh béim ar an ngéarghá leis an méid seo a leanas: forfheidhmiú éifeachtach agus sásraí éifeachtacha faireacháin sa chomhrac domhanda i gcoinne seachaint chánach, imghabháil chánach agus sciúradh airgid; faisnéis chaighdeánaithe na n-údarás agus na naisc eatarthu a dhaingniú, rochtain ar chláir agus cruthú clár; comhiarrachtaí chun liosta éifeachtach agus iontaofa de dhlínsí rúnmhara a ghlacadh; bearta chun comhlíonadh na ndlínsí cánach, na gcáiníocóirí agus na n-idirghabhálaithe a áirithiú; seachaint chánach agus imghabháil chánach a chosc agus úinéirí tairbhiúla a chosaint; uirlisí gearála idirnáisiúnta (prionsabal an liosta deimhnigh) a úsáid i gcomhar le tacaíocht do thíortha i mbéal forbartha sa chomhrac in aghaidh seachaint chánach agus sciúradh airgid; ionstraimí cosanta sceithirí; an chaoi a n-oibríonn AE i dtaca le glacadh forálacha cánach a chuíchóiriú; cearta fiosrúcháin na Parlaiminte a neartú agus obair leantach a dhéanamh go mear ar na moltaí. Ar deireadh, ba bhocht leis an bParlaimint uireasa na tola polaitiúla a léirigh Ballstáit áirithe i ndáil le dul chun cinn a dhéanamh mar le hathchóirithe agus forfheidhmiú a mbeadh athrú éifeacht mar thoradh orthu.

Ba é a bhí mar chuspóir ag [TAXE 3](#) — an Coiste um Choireanna Airgeadais, um Imghabháil Cánach agus um Sheachaint Cánach — ná cur leis an obair a rinne TAXE, TAXE 2 agus PANA, agus imscrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le cánachas digiteach, cláir náisiúnta um shaoránacht agus calaois CBL.

Ghlac an Pharlaimint a thuarascáil chríochnaitheach [sa suí iomlánach an 26 Márta 2019](#). Leagadh béim inti ar an ngéarghá agus an síorghá le hathchóiriú a dhéanamh ar na rialacha, i riocht is go mbeadh córais chánach idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta in ann



ag na dúshláin úra eacnamaíocha, shóisialta agus theicneolaíocha sa 21ú hAois, agus maíodh inti nach bhfuil ar chumas na gcóras cánach agus na modhanna ríofa reatha coinneáil bord ar bhord leis na forbairtí sin ná a áirithiú go ndéanfaidh na rannpháirtithe uile sa mhargadh gcion cothrom cánach a íoc. Ba dhíol sásaimh do na Feisirí go ndearna an Coimisiún 26 thogra reachtacha a chur ar aghaidh le linn an téarma deiridh. Bhí sé mar aidhm leis na tograí sin roinnt de na lúba ar lár a dhíothú, an comhrac i gcoinne coireanna airgeadais agus pleanáil ionsaitheach cánach, agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht an bhailithe cánach agus ar chothroime chánach. Ba bhocht leo go mór, áfach, uireasa an dul chun cinn sa Chomhairle mar le mórthionscnaimh i dtaca le hathchóiriú cánach corapráidí, nach raibh bailchríoch curtha orthu fós mar gheall ar toil pholaitiúil dháiríre a bheith ar díth. D'iarr siad go ndéanfaí na tionscnaimh AE nach raibh bailchríoch curtha orthu fós a ghlacadh go mear agus go ndéanfaí faireachán níos dlúithe ar an gcur chun feidhme chun éifeachtúlacht agus forfheidhmiú cuí a áirithiú agus chun coinneáil bord ar bhord le héagsúlacht na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na pleanála ionsaithí cánach. Ar deireadh, chuir na Feisirí i bhfáth gur cheart don Aontas straitéis fhairsing a ghlacadh chun, le cabhair na mbeartas ábhartha, tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit i ndáil lena gcórais dhíobhálacha cánach a fhágáil ina ndiaidh agus córas cánach a bheith acu a bheadh ag luí le creat dlíthiúil AE agus le heithne Chonarthaí AE.

An 14 Márta 2019, ghlac an Pharlaimint rún maidir leis [an athrú aeráide](#) — fis straitéiseach fhadtéarmach Eorpach ar mhaithe le geilleagar rachmasach, nua-aimseartha, iomaíoch atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus i gcomhréir le Comhaontú Pháras, inar thug sí le fios gur dhíol sásaimh di [an teachtaireacht ón gCoimisiún](#) ar an ábhar. Leis an téacs sin, thacaigh sí leis an gcuspóir i dtaobh glan-astaíochtaí nialasacha gás ceaptha teasa a bhaint amach faoi 2050 agus d'iarr sí ar an gCoimisiún roghanna nua beartais a fhiosrú a luaithe ab fhéidir, lena n-áirítear maidir le cánachas comhshaoil, chun athrú iompraíochta a spreagadh.

Dario Paternoster
05/2019

